



HFA

An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta
Housing Finance Agency

Comhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta
idir an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe cpt agus
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

2022 go 2024

CUID A hAON: COMHAONTÚ MAOIRSEACHTA

Is é cuspóir an Chomhaontaithe Maoirseachta seo téarmaí an chaidrimh idir an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta (“GAT”) agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a shainiú mar a éilítear faoi alt 8.4 de *Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit*.

Tugann an Comhaontú breac-chuntas ar na socruithe rialachais a bhaineann leis an GAT agus dá réir sin, tá sé mar aidhm aige soiléireacht cuntasachta, róil agus freagrachtaí an GAT agus na Roinne a chinntiú d’fhonn a chinntiú go n-urscaoileann an GAT a fheidhmeanna reachtúla ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. Agus é sin á dhéanamh, soláthraíonn an Comhaontú sonraí faoi chreat dlíthiúil GAT, róil agus freagrachtaí an GAT, comhlíonadh *Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit*, socruithe monatóireachta, agus fad agus sínitheoirí an Chomhaontaithe.

Níl sé beartaithe go ngabhfaidh an Comhaontú seo ionad aon cheanglas tuairiscithe nó cuntasachta atá ann cheana. Cuimsíonn an Comhaontú freisin comhaontú um sheachadadh feidhmíochta mar a shamhlaítear do chomhlachtaí Stáit faoin *gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit*.

An Creat Dlíthiúil

Is cuideachta phoiblí faoi theorainn scaireanna é an GAT agus corpraíodh é faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 -2012 (a cuireadh in ionad Acht na gCuideachtaí, 2014) na hÉireann ar 8 Feabhra 1982 agus de bhun na nAchtanna um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981 go 1988.

Is leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe scairchaipiteal eisithe uile an GAT agus, faoi théarmaí an Achta um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981 (arna leasú), tá an chumhacht aige fiachas arna eisiúint ag an GAT a ráthú.

Tá an GAT faoi réir raon reachtaíochta agus rialála lena n-áirítear Achtanna na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe, Achtanna na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), agus na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe; Ciorcláin agus Treoracha na Roinne; an Cód Caiteachais Phoiblí agus cinntí Chúnaimh Stáit an AE.

1. Cuspóir agus freagrachtaí

Is é príomhchuspóir an GAT cistí a chruinniú agus a thabhairt ar iasacht d'údaráis áitiúla na hÉireann, do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe, don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, d'Institiúidí Ardoideachais, d'Ollscoileanna Teicneolaíochta agus don Ghníomhaireacht Tithíochta chun críocha atá údaraithe faoi reachtaíocht na hÉireann. Baineann sé seo go príomha le soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne.

2. Ról an GAT laistigh de na hEarnálacha Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Is cuideachta leathstáit neamhthráchtála í an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe (GAT) cpt faoi choimirce an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, faoi theorainn scaireanna faoi théarmaí an Achta um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe 1981, arna leasú. Is é príomhchuspóir na cuideachta cistí a chur ar aghaidh chuig údaráis áitiúla, comhlachtaí ceadaithe tithíochta (AHBanna), institiúidí ardoideachais (IAOanna), an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) agus ollscoileanna teicneolaíochta (Tus) le húsáid acu chun aon chríche atá údaraithe faoi Achtanna na dTithe 1966 go 2016, arna leasú, agus chun cistí a fháil ar iasacht nó a chruinniú chun na gcríoch seo.

Misean GAT

Soláthar rathúil tithíochta sóisialta agus inacmhainne in Éirinn a éascú, trí airgeadas iomaíoch fadtéarmach a sholáthar don earnáil, agus trí úsáid a bhaint as ár saineolas airgeadais chun tacú lenár bpáirtithe leasmhara cláir éifeachtacha tithíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

Tá an GAT tiomanta do luachanna seirbhíse poiblí:

- Inoiriúnaitheacht
- Meas
- Inacmhainneacht
- Éifeachtacht
- Inbhuanaitheacht
- Ionracas
- Cuntasacht
- Oscailteacht
- Neamhchlaontacht.

Éascaíonn an GAT seachadadh Tithíochta Sóisialta in Éirinn agus, chun an ról seo a chomhlíonadh go héifeachtach, tá Straitéis GAT 2026 cúig bliana dréachtaithe aige – straitéis a thacaíonn le *Tithíocht do Chách*, plan tithíochta an Rialtais d'Éirinn, agus a chomhlánaíonn é.

3. Róil agus Freagrachtaí

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Ó thaobh rialachais chorparáidigh de, tá dualgas ar an GAT cloí leis an gCód *Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, agus tá dualgas reachtúil air cloí leis na ceanglais tuairiscithe atá leagtha amach san Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe 1981. Tá an Roinn freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh den sórt sin.

Tá cuntasacht sannta ag an Roinn do bhall den Bhord Bainistíochta as a chinntiú go gcomhlíonann gach comhlacht faoina coimirce, an GAT san áireamh, na caighdeáin atá leagtha síos chun Faisnéis a Sholáthar do bhaill an Oireachtais. Foilseoidh an Roinn tuarascáil gach bliain ar a suíomh gréasáin maidir le comhlíonadh na gcaighdeán sin.

An Bord

Is féidir le Bord an GAT dhá dhuine dhéag ar a mhéad a bheith ann, lena n-áirítear Cathaoirleach, agus gnáthbhallraíocht de cheathrar ar a laghad. Ceapann an tAire gach ball ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana de réir na dTreoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2014.

Tá baill an Bhoird le chéile freagrach as gníomhaíochtaí GAT a threorú agus a stiúradh laistigh de chreat rialuithe stuama agus éifeachtacha. Ceanglaítear ar an mBord gníomhú ar bhonn eolasach eiticíúil iomlán, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí, agus ar mhaithe le leas an chomhlachta Stáit, agus aird chuí á tabhairt aige ar a fhreagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas.

Ba chóir don mBord a chinntiú go bhfuil beartais chuí i bhfeidhm chun ionracas agus trédhearcacht a chinntiú. Ba chóir Cóid Iompair a fhoilsiú don mBord agus d'fhostaithe, chun tagairt a dhéanamh don ngá le forálacha ábhartha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh.

Tá an Bord freagrach as an POF agus an bhainistíocht shinsearach a thabhairt chun cuntais as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí.

Ba chóir don Bhord féinmheasúnú bliantúil a dhéanamh ar a ghníomhaíocht fhéin agus ar ghníomhaíocht a gcuid coistí boird.

Cathaoirleach an Bhoird

Tá an Cathaoirleach freagrach as ceannaireacht an Bhoird agus éifeacht a chinntiú i ngach gné dá ról. Ba chóir don gCathaoirleach gníomhú de réir torthaí na measúnachta bliantúla ón mBord ach dul i ngleic le laigí ar bith a aithníodh. Treoraíonn an Cathaoirleach an GAT ina chúram tosaíochtaí straitéiseacha a leagan síos.

Cuirfidh an Cathaoirleach tuarascáil chuimsitheach ar fáil don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, i gcomhar le Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais GAT. Ba chóir don tuarascáil seo dearbhú a thabhairt don Aire go bhfuil na córais rialaithe inmheánaigh, bainistíochta riosca agus réimsí rialachais eile ag feidhmiú go héifeachtach.

Ba chóir tuairisc an Chathaoirligh chuig an Aire maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a chur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an GAT freisin.

4. Iniúchadh Inmheánach

Tá an GAT le tairiscint a dhéanamh go ndéanfar a sheirbhísí iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú sna míonna amach romhainn, don tréimhse go Deireadh Fómhair 2025.

5. An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá triúr comhaltaí Boird neamhspleácha, neamhfheidhmiúcháin, ar a laghad ar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca GAT agus téarmaí tagartha scríofa acu. Tugtar breac-chuntas soiléir iontu ar údarás agus dualgais an choiste. Is é ról an Choiste a chinntiú go gcosnaítear leasanna an Rialtais agus páirtithe leasmhara eile go hiomlán maidir le tuairisciú gnó agus airgeadais agus rialú inmheánach.

6. Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is cuideachta theoranta é an GAT agus cumhdaíonn Airteagail 84, 85 agus 86 de Bhunreacht an GAT ceapadh POF nua. Foráiltear leis seo gur stiúrthóir den GAT é an POF, agus go gceapann an tAire é tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus é/í ag tuairisciú don mBord, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as gnó agus acmhainní (airgeadais agus neamhairgeadais) an GAT a bhainistiú agus a riaradh ó lá go lá. Tá siad freagrach as ardchaighdeán a bhunú agus a chothabháil chun feidhmeanna an GAT a chur i bhfeidhm agus as cáil ar neamhchlaontacht, ar bhainistíocht leasanna coinbhleachta a chinntiú, agus ar leas an phobail a chosaint i gcónaí. Tá an POF freagrach freisin, leis an

Bord, as treo straitéiseach a leagan síos don GAT.

7. Rialachas Corparáideach

Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Mar chomhlacht Stáit atá ag feidhmiú faoi choimirce an Aire, tá an GAT faoi réir raon oibleagáidí reachtúla agus rialachais chorparáidigh lena n-áirítear *Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit*. Ní sháraíonn forálacha an Chóid na ceanglais reachtúla atá ann cheana agus oibleagáidí eile arna bhforchur leis na forálacha reachtúla sonracha a bhaineann leis an GAT féin agus le reachtaíocht ábhartha eile. Tá sé i gceist go gcomhlíonfaidh an GAT gach gné de riachtanais an Chóid agus níl aon mhaoluithe ionchais ar fhorálacha an Chóid.

Tá comhlíonadh Rialachais Chorparáidigh lárnach don GAT, agus comhlíonann sé na nithe seo a leanas agus tuairiscíonn sé orthu:

- *Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann* arna heisiúint ag Stocmhalartán na hÉireann (ise); agus
- *Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit* foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Plean Straitéiseach

Is é ról an GAT seachadadh Tithíochta Sóisialta in Éirinn a éascú agus, chun an ról seo a chomhlíonadh go héifeachtach, tá Straitéis cúig bliana dréachtaithe aige GAT 2026 - straitéis a thacaíonn le Straitéis *Tithíochta do Chách* de chuid an rialtais agus a chomhlánaíonn í.

Tuarascáil Bhliantúil

Éilíonn an *Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit* ar an GAT tuarascáil a thabhairt don Aire tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an GAT i rith na bliana roimhe sin.

Ráitis Airgeadais

Ceanglaítear le halt 13 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe 1981 ar an GAT é a thabhairt don Aire

- (a) clár comhardaithe amhail mar bhí ag deireadh na bliana cuntasáíochta agus é iniúchta go cuí ag iniúchóir na Gníomhaireachta,
- gníomhaireacht
- (b) cuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain chuntasaíochta agus é iniúchta amhlaidh, agus
- (c) cóip de thuarascáil na stiúrthóirí chuig na scairshealbhóirí don bhliain chuntasaíochta.

Tuairisc chuimsitheach chuig an Aire:

Cuirfidh Cathaoirleach an GAT Tuarascáil Chuimsitheach ar fáil don Aire ar an GAT ar bhonn bliantúil i gcomhar leis an Tuarascáil Bhliantúil. Ba cheart go n-áireofaí leis seo deimhniú go bhfuil Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Soláthar Feidhmíochta, déanta leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; go bhfuil na rialuithe airgeadais inmheánacha cuí i bhfeidhm agus go ndearnadh measúnú cuí ar phríomhrioscaí an GAT, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo agus bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara.

Nochtaí Cosanta

De réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014, tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an GAT chun nochtadh cosanta a dhéanamh ag fostaithe atá nó a bhí fostaithe ag an GAT agus chun déileáil le nochtadh den sórt sin.

Tá sé mar aidhm ag Beartas Corparáideach um Nochtadh Cosanta an GAT:

- A chinntiú go mbraitheann fostaithe compordach maidir le hábhair imní a ardú, agus imní faoi chleachtais nó imeachtaí áirithe a cheistiú agus gníomhú ina leith.
- Bealaí soiléire a chur ar fáil d'fhostaithe chun aon imní a chur in iúl.
- A chinntiú go bhfaigheann fostaithe freagra ar a n-imní agus aiseolas ar aon ghníomh a rinneadh.
- Cuir fostaithe ar a suaimhneas go gcosnófar iad ar dhíoltas nó ar íospairt a d'fhéadfadh a bheith ann má tá creideamh réasúnach acu san éagóir agus má tá nochtadh de mheon macánta déanta acu.

Faisnéis a sholáthar do Chomhaltaí an Oireachtais

De réir Ciorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 25/2016 – *Prótacal maidir le Faisnéis a Sholáthar do Chomhaltaí den Oireachtas ag Comhlachtaí Stáit atá faoi choimirce Ranna Rialtais*, tá dualgas ar an GAT:

- Seoladh ríomhphoist tiomnaithe a sholáthar agus a chothabháil do bhaill an Oireachtais.
- Próisis aiseolais fhoirmiúla a chur i bhfeidhm chun aiseolas a fháil ó bhaill an Oireachtais.
- Cloí le sprioc - spriocdhátaí agus caighdeáin maidir le hadmhálacha agus freagraí ar cheisteanna.
- Duine a ainmniú ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí laistigh den GAT atá freagrach as soláthar tráthúil faisnéise do bhaill an Oireachtais a chinntiú.
- Tuairisciú go bliantúil (i dTuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chuig an Aire) ar chomhlíonadh na gcaighdeán atá leagtha amach i gCiorclán 25/2016.
- Iarracht a dhéanamh, nuair is cuí, freagra ar cheisteanna ó bhaill an Oireachtais a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an GAT.

8. Monatóireacht agus Athbhreithniú

Cruinnithe Bliantúla le POF agus Cathaoirleach an GAT

Iarrann an tArd-Rúnaí ar Chathaoirligh agus ar Phríomhfheidhmeannaigh gach comhlachta atá faoi choimirce na Roinne, lena n-áirítear Cathaoirleach an GAT agus an Príomhfheidhmeannach, bualadh leis féin agus le Bord Bainistíochta na Roinne go bliantúil. Cuimsíonn an clár oibre cúrsaí ar nós athruithe roinne, saincheisteanna rialachais, agus pleanáil an fhórsa saothair.

Cruinnithe Bliantúla le POF agus Cathaoirleach an GAT

Dhá chruinniú Feidhmíochta agus Cuntasachta ar a laghad a thionól gach bliain idir an Roinn agus POF an GAT. Is é aidhm na gcruinnithe seo deis fhoirmiúil a thabhairt don Roinn nó don GAT saincheisteanna agus fóram córasach chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an GAT mar atá leagtha amach sa Chomhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta a chur in iúl agus a phlé.

Faireachán

Déanfar athbhreithniú freisin ar oibleagáidí rialachais mar chuid de phróiseas monatóireachta foriomlán an Chomhaontaithe Maoirseachta seo.

CUID 2: COMHAONTÚ SEACHADTA AGUS SEIRBHÍSE FEIDHMÍOCHTA

1. Cuspóirí an Chomhaontaithe

Is é cuspóir an chomhaontaithe seo próiseas a chur ar bhonn foirmiúil trínar féidir na haschuir agus na torthaí a theastaíonn ón GAT a thomhas agus a mheas. Mar an gcéanna, leagfaidh an comhaontú amach ionchais an GAT maidir le tacaíocht, treoír agus sreabhadh faisnéise ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, atá ríthábhachtach chun a chumasú don GAT a spriocanna straitéiseacha agus oibríochta a bhaint amach. Chun é seo a bhaint amach, is gá an méid seo a leanas a leagan amach:

- Ionchais na Roinne maidir leis an GAT;
- Príomhionchuir, aschuir agus torthaí ionchais ghníomhaíochtaí an GAT;
- Measúnú feidhmíochta trí mhonatóireacht a dhéanamh ar spriocanna comhaontaithe timpeall ar na príomhaschuir, na príomhionchuir agus na príomhthorthaí sin;
- Tacaíocht ón Roinn don GAT chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh mar atá leagtha amach san Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe 1981.

Déanann an Comhaontú seo doiciméadú ar an leibhéal comhaontaithe seirbhíse idir na páirtithe chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheabhsaithe seirbhísí poiblí ábhartha a éascú. Leagtar amach ann príomhspríocanna GAT do 2022 agus sainítear na táscairí aschuir agus toraidh ar ar cheart feidhmíocht a thomhas.

Féachtar leis an gComhaontú (a) le héascú a dhéanamh do GAT a fheidhmeanna a chur i gcrích, (b) forbairt leanúnach na mbeart aschuir dá chaiteachas a chur chun cinn, agus (c) éifeachtacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí poiblí a fheabhsú.

Tacóidh an Comhaontú le *Straitéis 2026* de chuid GAT chun a spriocanna ardleibhéil a bhaint amach.

2. Gealltanais Frithpháirteacha

Gealltanais

- Comhaontaíonn an dá pháirtí cumarsáid, comhar agus faisnéis réamhghníomhach agus tráthúil maidir le seachadadh seirbhíse;
- Tacaíonn an dá pháirtí le baint amach éifeachtach spriocanna comhaontaithe, chomh maith le comhpháirtíocht, freagrúlacht agus comhar frithpháirteach a chur chun cinn ina n-idirghníomhaíochtaí leanúnacha;

- Comhaontaíonn an dá pháirtí dul i gcomhairle lena chéile agus breithmheas iomlán a choinneáil ar gach ábhar a bhaineann le hábhar lena chéile;
- Comhaontaíonn an dá pháirtí ar réadú éifeachtach an chomhaontaithe seo agus ar na spriocanna comhaontaithe a thiocfaidh chun cinn.

Gealltanais na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Cuirfidh an Roinn na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil don GAT chun a chur ar a cumas a cuid cuspóirí a bhaint amach:

- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go gceadófar caiteachas agus soláthar foirne go tráthúil de réir Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí agus de réir bheartas na Seirbhíse Poiblí;
- Nuashonruithe a sholáthar ar Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus ar Threoirlínte maidir le Beartas Acmhainní Daonna na Státseirbhíse;
- Treoir a sholáthar maidir le Cuntasaíocht agus Rialachas an Rialtais;
- An GAT a chur ar an eolas faoi aon ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an ról atá ag an GAT nó a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uaidh laistigh den Roinn agus páirt a ghlacadh iontu;
- Oibriú leis an GAT sna próisis tuairiscithe rialta faoi Chlár Athchóirithe na hEarnála Poiblí agus Athnuachana na Státseirbhíse; A chinntiú go gcuirtear tús le próiseas na mBord Stáit go luath (nuair a thagann folúntais chun cinn nó má mheastar go mbeidh siad ann)

3. Ionchuir

Ionchuir Airgeadais

Tá an GAT féinmhaoinithe agus níl cistí á bhfáil aige ón Státchiste.

Acmhainní Foirne

Chuir an GAT Dréachtphean Lucht Saothair isteach le déanaí don tréimhse 2022 go 2024 a comhaontaíodh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

4. Aschuir/Spriocanna

Is é ról an GAT seachadadh rathúil Tithíochta Sóisialta in Éirinn a éascú agus tacú leis. D'fhoill an ról seo a chomhlíonadh, d'fhorbair GAT go héifeachtach GAT 2026. Is straitéis í seo a thacaíonn le Tithíocht do Chách agus a chomhlánaíonn í faoina maoineoidh an GAT 25% ar a laghad den chaiteachas infheistíochta € 20 billiún atá réamh-mheasta faoin bplean seo agus a chumasóidh seachadadh 19,000 teach agus 3,300 leaba nua do mhic léinn.

Aithníodh trí cholún straitéiseacha atá lárnach i seachadadh GAT 2026 –

- **Colún 1 Custaiméirí agus Iomaitheoirí**

Méadóidh an GAT a bpunann ghnó go €11.8 billiún trí tháirgí nuálacha a thabhairt isteach do chustaiméirí atá ann cheana agus do chustaiméirí nua.

- **Colún 2 Páirtithe Leasmhara Eile**

Beidh cáil feabhais ar an GAT i measc ár bpáirtithe leasmhara a thuigeann tairiscintí GAT go soiléir agus a bhfuil meas acu orthu.

- **Colún 3 Bainistíocht Athruithe**

Cuirfidh an GAT seirbhís eisceachtúil ar fáil do chustaiméirí trí fhoireann ghairmiúil thiomanta atá bródúil as a bheith ag obair sa GAT.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

Sa chuid seo a leanas leagtar amach na Príomhtháscairí Feidhmíochta, a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn GAT i dtreo a phríomh-shainordú agus a phríomhfheidhm a bhaint amach.

Méadrachtaí chun gnóthachtáil a léiriú -

- Leibhéal an mhaoinithe a cuireadh ar aghaidh chuig gach earnáil (Údaráis Áitiúla, AHBanna, Institiúidí Ardoideachais, LDA, OTanna srl.)
- Rátaí úis ar fáil
- Raon na dtáirgí airgeadais atá á dtairiscint

a. Spriocanna Bliantúla & Ilbhliantúla

- Suimeanna a airleacadh in aghaidh na hearnála sa bhliain
- Punann iomlán na n-iasachtaí - €5.9bn go €9.5bn go 2024
- Líon na n-aonad a seachadadh – 8,900 aonad LA/HEI/TU/LDA agus 4,500 aonad AHB faoi 2024
- Rátaí úis – céatadán na punainne ar rátaí seasta – 20% go 50% faoi 2024
- Líon LAanna, AHBanna, Institiúidí Ardoideachais, OTanna srl. á n-ardchistí

b. Príomhchláir Seachadta

- Iasachtaíocht:

- Airgeadas iomaíoch fadtéarmach a fhoinsiú chun ar - iasacht a thabhairt do chustaiméirí
- Trí GBcN, an Banc Eorpach Infheistíochta, Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa agus cistí barrachais na nÚdarás Áitiúil.

- Iasachtú:

- Iasacht a thabhairt do LAanna (lena n-áirítear Iasacht Tí Atógáil Éireann), AHBanna, OTN, Gníomhaireacht Forbartha Talún & Institiúidí Ardoideachais
- Leathnú ar bhonn custaiméirí - OTanna, Gníomhaireacht Forbartha Talún agus an Earnáil Cúraim.

4. Fachtóirí Riosca Féideartha

Mar atá forordaithe sa Chód Cleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit ghlac an Bord le creat beartais bainistithe riosca atá faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus tá Coiste Bainistíochta Riosca foirmiúil ar a bhfuil Bainistíocht Shinsearach i bhfeidhm ó 2009. Déanann an dá Choiste athbhreithniú rialta ar an gCreat Bainistíochta Riosca agus ar an bPolasaí. Tá monatóireacht ar riosca fós ina buanmhír ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta & Riosca. Is gnó airgeadais é an GAT agus is riosca airgeadais agus riosca a bhaineann leis an gciste iad na príomhrioscaí a bhaineann leis an ngnó go bunúsach.

Déanann an GAT athbhreithniú cuimsitheach bliantúil ar rioscaí atá faofa ag an mBord, agus tá sé mar chuid de bheartas ráta úis agus cúlchistí an GAT do bhlianta ina dhiaidh sin. Cuirtear an Bord ar an eolas gach ráithe faoi fhorbairtí agus déantar beart ceartaitheach más gá.

Ag léiriú phríomhthosaíochtaí na heagraíochta, is iad seo a leanas na príomhrioscaí

féideartha a bhaineann le baint amach na spriocanna a leagtar amach sa Chomhaontú seo ag am scríofa:

Rioscaí Airgeadais

Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca measúnú ar rioscaí ábhartha, is iad sin:

- Riosca Cisteáin
 - Cistiú
 - Leachtacht
 - Riosca Ráta Úis
- Rioscaí Eile

Riosca Cisteáin

D'fhorbair an GAT próiseas bainistíochta riosca lena n - áirítear athbhreithnithe leanúnacha ar a phunann iasachtaí agus réamhíocaíochtaí agus athbhreithniú leanúnach ar riosca a bhaineann leis an gcisteán, rud a ligeann dó na rioscaí sin a bhainistiú.

Riosca Maoinithe

Bailíonn an GAT maoiniú le tacaíocht ó Ráthaíocht ón Aire Airgeadais, tríd an GBCN, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta mar an Banc Eorpach Infheistíochta agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa den chuid is mó. Bailítear maoiniú imeallach tríd an GBCN ag baint úsáide as an gClár Nótaí Ráthaithe faoi shocrú praghsála comhaontaithe de réir mar a cheadaíonn an Bord é.

Riosca Leachtachta

Is ionann Riosca Leachtachta agus an riosca go mbeidh deacracht ag an GAT a oibleagáidí óna dhliteanais airgeadais a chomhlíonadh. Comhlíonann an GAT a riachtanais leachtachta faoi láthair ag baint úsáide as nótaí ráta chomhlúthaigh atá i seilbh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus a ráthaíonn an tAire Airgeadais. Agus riosca leachtachta á bhainistiú, bíonn cruinnithe rialta ag bainistíocht GAT leis an GBCN, leis na Bainc, AHBanna agus le rannpháirtithe margaidh eile chun éileamh ar iasachtaí agus riachtanais mhaoinithe sa todhchaí a mheas; rochtain ar fhoinsí maoinithe a chomhaontú; foinsí agus struchtúir mhaoinithe mhalartacha a iniúchadh; téarmaí agus coinníollacha a chaibidliú agus na gealltanais mhaoinithe riachtanacha a fháil.

Riosca Ráta Úis

I gcomhthéacs Chlár Comhardaithe an GAT, tagann riosca an ráta úis chun cinn i gcás ina n-eascaíonn athrú ar chostas an mhaoinithe reatha as athrú ar rátaí úis, rud nach ndéantar a fhritháireamh le hathrú comhfhreagrach ar an ioncam a thuilltear ó iasachtaí reatha, rud a fhágann go mbíonn tionchar dearfach nó diúltach aige ar bhrabúsacht reatha agus amach anseo. Chun an riosca seo a thomhas, d'fhorbair bainistíocht GAT samhail um Riosca Ráta Úis (IRR), a ríomhann an neamhchosaint IRR gan íoc ar bhonn bliantúil, (an bhearna bhliantúil), do gach dliteanas agus sócmhainn ráta sheasta, suas go dtí a ndáta athphraghsála. Déantar athbhreithniú ar an tsamhail IRR ag leibhéal an Bhoird gach ráithe.

Rioscaí Eile

Mórrioscaí eile a théann i bhfeidhm ar straitéis an GAT ná:

- **Iasachtú LA** – Réamh-mheastacháin straitéise an GAT go maoineoidh údaráis áitiúla c. 4,150 teach tríd an GAT le hairgeadas nua de €1.45bn, mar a aontaíodh leis an dá Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní léir fós an é seo an toradh is dóichí, agus féadfaidh LAanna maoiniú deontais a lorg chun tithíocht shóisialta a thógáil agus gníomhaíocht eile a bhaineann le tithíocht a mhaoiniú leis an GAT.
- **Loiceadh AHB** – Cé go bhfuil sé maolaithe le measúnuithe creidmheasa láidre, comhaontuithe leanúnachais agus slándáil sócmhainní iomchuí, tá baol ann fós go mainneoidh AHB. Tá baol ann freisin go dtiocfaidh laghdú ar an acmhainn atá ag AHBanna iasachtaí a fháil mar gheall ar ghíaráil mhéadaithe. Ghlac Bord an GAT Beartas Creidmheasa maidir le hiasacht a thabhairt do AHBanna in 2013 a nuashonraítear go rialta, le déanaí i mBealtaine 2022.

Mar thoradh ar thuarascáil ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí, an Rannóg Acmhainní Daonna Rialtais Áitiúil, tá dhá riachtanas bhreise ar an GAT, trína ndéanfaidh sé:

- an Roinn a chur ar an eolas láithreach má theipeann ar na rialuithe inmheánacha; agus
- an Roinn a chur ar an eolas láithreach má aimsítear calaois agus/nó mírialtachtaí.

5. Solúbthacht agus Spriocanna a Leasú

Má bhíonn gá le leasuithe, rachaidh an dá pháirtí i mbun rannpháirtíochta chun spriocanna leasaithe a chomhaontú.

6. Socruithe Monatóireachta

Buailfidh an GAT leis an Roinn dhá uair sa bhliain, nó níos minice má éilíonn an Roinn air nuashonrú a sholáthar ar fhorbairt agus ar bhaint amach spriocanna mar atá leagtha amach sa Chomhaontú seo.

Geallann an GAT go bhfillfidh sé:

- (a) Faisnéis feidhmíochta atá ábhartha agus mionsonraithe go hiomchuí ionas gur féidir faireachán a dhéanamh ar an gComhaontú seo;
- (b) Faisnéis feidhmíochta ábhartha agus mhionsonraithe go cuí lena cur san áireamh sa Mheastachán Athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Poiblí; agus
- (c) Faisnéis feidhmíochta de réir na dtáscairí sin agus de réir an chreata ama a comhaontaíodh leis an Roinn.

7. Ré agus Sínitheoirí an Chomhaontaithe

Aontaíonn Barry O'Leary, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus Feargal Ó Coigligh, Rúnaí Cúnta, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go mbeidh feidhm ag na socruithe mar atá leagtha amach sa Chomhaontú seo le héifeacht ón dáta a síníodh thíos go dtí an 31 Nollaig 2024.

Barry O'Leary
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt

Dáta: 08 Feabhra 2023

Feargal Ó Coigligh
Rúnaí Cúnta



An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus
Oidhreachta

Dáta: 16 Feabhra 2023